Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9344/26**

**FIN 690**
**INST 227**
**PE-L 16**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9179/26 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 08/2026 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2026 <br>• *Formheas* <br>• *Formheas litreach* |

1. An 18 Bealtaine 2026, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 08/2026, a bhaineann le slógadh Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh[1], i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[2].

2. Mar a thaifeadtar in 9179/26, is é is cuspóir don togra seo EUR 215.14 milliún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (c/a) agus de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (p/a) a aistriú ó Mhír 30 04 01 01 *(Cúlchiste Eorpach Dlúthpháirtíochta)* go Mír 16 02 01 01 *(Cúnamh do na Ballstáit i ndáil le himeachtaí atá incháilithe faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE))*.

---

[1] 9178/26.

[2] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

3. Is é is aidhm don togra an íocaíocht leis an Rómáin (EUR 14.34 milliún), leis an gCipir (EUR 6.89 milliún) agus leis an Spáinn (EUR 90.41 milliún) a chumhdach tar éis dóibh iarratais a dhéanamh ar ranníocaíochtaí airgeadais ó CDAE, mar thoradh ar thubaistí nádúrtha (tuilte agus falscaithe) a tharla in 2025. Cuirtear na réamhíocaíochtaí a rinneadh cheana leis an gCipir (EUR 2.32 milliún) agus leis an Spáinn (EUR 30.14 milliún) san áireamh san iarraidh reatha freisin.

   Sa bhreis ar na méideanna a bhaineann leis na hiarratais thuas, áirítear sa togra aistrithe freisin EUR 103.5 milliún in c/a agus p/a chun réamhíocaíochtaí atá ar na bacáin a bhaineann le hiarratais a cuireadh isteach le déanaí ó Mhálta, ón bPortaingéil agus ón Spáinn a chumhdach.

4. Scrúdaigh an <u>Coiste um an mBuiséad</u> an togra sin maidir le haistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 20 Bealtaine 2026.

5. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an <u>Coiste um an mBuiséad</u>, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

   - aistriú na leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 9179/26 iad, agus

   - an dréachtlitir atá san IARSCRÍBHINN chuige sin.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán an Choimisiúin

cóip : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 23 Meán Fómhair 2024[3], cuirim in iúl duit gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 08/2026 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2026.

(Clabhsúr dea-mhéine).

---

[3] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).